## PREASEISIÚINT Uimh. 206/23

**Lucsamburg, 21 Nollaig 2023**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-718/21 | Krajowa Rada Sądownictwa (Oifig bhreithiúnach a choinneáil)

# Córas breithiúnach na Polainne: ní hionann painéal de Dhlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí agus binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí

*Dá bhrí sin, dearbhaítear go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú arna chur isteach ag an bpainéal sin neamh-inghlactha.*

Ag féachaint do na himthosca go léir a bhaineann le ceapadh breithiúna Dhlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí Chúirt Uachtarach na Polainne, ní 'cúirt ná binse' é painéal den dlísheomra sin de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Chúirt scrúdú ar shubstaint na gceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú ón gcúirt sin.

Sa Pholainn, ní mór do bhreithiúna ar mian leo leanúint dá ndualgais a chomhlíonadh tar éis dóibh aois scoir a bhaint amach a dtoil chuige sin a dhearbhú do Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna ('KRS'). Tá breitheamh de ghnáthchúirt ag déanamh agóide i gcoinne rialú réitigh KRS nach gá breithniú a dhéanamh ar a iarratas. Bhí KRS den tuairim go ndearnadh an dearbhú tar éis na teorann ama a leagtar síos le dlí. Agus an t-achomharc a rinne an breitheamh sin á éisteacht, rinne an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí Chúirt Uachtarach na Polainne ('an Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách') iarratas chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun soiléiriú a lorg ar phrionsabail na neamh-inaistritheachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna, prionsabail a chumhdaítear i ndlí an Aontais Eorpaigh.

Ina breithiúnas, **chinn an Chúirt nach dtagann na ceisteanna a tharchuir an Dlísheomra sin ó chomhlacht a bhfuil stádas binse neamhspleách neamhchlaonta aige arna bhunú roimh ré le dlí,** mar a cheanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, dearbhaíonn sí nach bhfuil na ceisteanna sin **inghlactha.**

Agus an chonclúid sin á baint amach aici, tagraíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, do bhreithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine [1] a chinn cheana nach bhfuil dhá phainéal den Dlísheomra um Athbhreithniú Urghnách bunaithe de réir dlí ná neamhspleách. Bhí an breithiúnas sin bunaithe ar an gcinneadh gur sháraigh ceapacháin chomhaltaí na bpainéal sin na rialacha bunúsacha náisiúnta lena rialaítear an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh.

Mar gheall ar imthosca an athraithe ar chomhdhéanamh KRS in 2017, caitheadh amhras ar a neamhspleáchas maidir leis an reachtas agus an bhfeidhmeannas, rud a rinne difear dá chumas iarrthóirí neamhspleácha neamhchlaonta a mholadh do phoist bhreithiúnacha sa Chúirt Uachtarach. Ina theannta sin, ceapadh na breithiúna lena mbaineann ag Uachtarán Phoblacht na Polainne ar bhonn rúin ó KRS, a raibh a éifeachtaí, tráth a gceaptha, curtha ar fionraí ag Cúirt Uachtarach Riaracháin na Polainne go dtí go ndearnadh dlíthiúlacht an rúin sin a scrúdú. Ina dhiaidh sin, tugann an Chúirt le fios freisin go ndearna Cúirt Uachtarach Riaracháin na Polainne an rún thuasluaite a neamhniú ar deireadh [2].

Déanann an Chúirt comparáid idir na cinntí agus na measúnuithe a rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus Cúirt Uachtarach Riaracháin na Polainne lena cásdlí féin maidir leis na coinníollacha chun breithiúna a cheapadh chuig Cúirt Uachtarach na Polainne. Is é an tátal a bhaineann sí leis an teaglaim d'fhachtóirí éagsúla a bhí mar bhonn le ceapadh na mbreithiúna ar phainéal breithiúna as ar eascair na ceisteanna dá dtagraítear sa chás seo gur cúis amhrais dhlisteanaigh iad, in aigne na ndaoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna sin agus go mbaintear an bonn den mhuinín nach mór don cheartas a spreagadh i ndaoine aonair i sochaí dhaonlathach arna rialú ag an smacht reachta. **Dá bhrí sin, níl stádas binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimhe sin le dlí ag an bpainéal breithiúna sin**.

**MEABHRÚCHÁN** Le tarchur chun réamhrialú, ceadaítear do chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó maidir le bailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar an díospóid féin. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fan i dteagmháil linn!

[1] Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine an 8 Samhain 2021, *Dolińska-Ficek agus Ozimek v. an Pholainn* (CE:ECHR:2021:1108JUD004986819).

[2] Breithiúnas ó Chúirt Uachtarach Riaracháin na Polainne an 21 Meán Fómhair, 2021, II GOK 10/18.